Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Lúnasa 2022**
**(OR. en)**

**11756/22**

**ECOFIN 800**
**EF 246**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 4 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 387 final |
| Ábhar: | Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le comhlíontacht an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh leis na ceanglais i dtaca leis an áit a mbeidh a shuíomh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 387 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 387 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.8.2022
COM(2022) 387 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le comhlíontacht an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh leis na ceanglais i dtaca leis an áit a mbeidh a shuíomh**

GA GA

## 1. RÉAMHRÁ

I gcomhthéacs tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, roghnaigh na 27 mBallstát eile, ar imeall na Comhairle Gnóthaí Ginearálta an 20 Samhain 2017, Páras na Fraince mar shuíomh nua an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE)[1].

Leagtar síos an áit ina mbeidh suíomh ÚBE in Airteagal 7 de Rialachán bunaidh ÚBE[2] ('Rialachán ÚBE'), nár mhór a leasú,[3] dá bhrí sin, chun an suíomh a bhogadh ó Londain go Páras. Chomh maith leis an áit ina mbeidh an suíomh a athrú, leis an leasú ar Rialachán ÚBE, tugadh isteach ceanglais nua áirithe maidir leis an áit ina mbeidh an suíomh, mar aon le hoibleagáid ar an gCoimisiún tuarascáil a fhoilsiú faoin 30 Márta 2019 agus gach 12 mhí ina dhiaidh sin maidir le comhlíontacht ÚBE leis na ceanglais sin.

De réir Airteagal 7 de Rialachán ÚBE: *'Ní dhéanfaidh an áit a mbeidh suíomh Údarás difear d'fhorghníomhú chúraimí agus chumhachtaí an Údaráis, d'eagar a struchtúir rialaithe, d'oibriú a phríomheagraíochta, ná do phríomh-mhaoiniú a chuid gníomhaíochtaí, agus ag an am céanna, i gcás inarb infheidhme, tabharfar deis do ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais seirbhísí tacaíochta riaracháin agus seirbhísí bainistithe saoráidí nach bhfuil baint acu le croíghníomhaíochtaí an Údaráis a chomhroinnt'*.

Chuir ÚBE an t-ionchur is gá ar fáil chun na ceanglais tuairiscithe sin a chomhlíonadh. Foilsíodh na chéad trí thuarascáil in 2019[4], 2020[5] agus 2021[6]. Is í seo an ceathrú tuarascáil faoin oibleagáid tuairiscithe seo.

## 2. COMHAONTÚ CEANNCHEATHRÚN ÚBE

Síníodh Comhaontú Ceanncheathrún (dá ngairtear 'CC' anseo feasta) le Rialtas na Fraince i bPáras an 6 Márta 2019. I gcomhréir le hAirteagal 25 den CC, chuir ÚBE na nósanna imeachta inmheánacha i gcrích chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 4 Márta 2019, agus dheimhnigh sé d'Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Fraince i mí an Mheithimh 2021 gur cuireadh i gcrích iad. Tá ÚBE ag fanacht ar dheimhniú ar chur i gcrích na nósanna imeachta a cheanglaítear le dlí na Fraince chun go dtiocfaidh CC i bhfeidhm: ghlac an *Assemblée nationale* CC an 17 Feabhra 2022 agus tá sé ag fanacht le haghaidh formheas sa *Sénat* lena fhoilsiú san Iris Oifigiúil ina dhiaidh sin.

Chomh maith leis na ceanglais atá i bPrótacal Uimh. 7 ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh a léiriú[7], le CC tugtar teideal do bhaill foirne ÚBE cead cónaithe

---

[1] An Chomhairle Gnóthaí Ginearálta (Airteagal 50), an 20 Samhain 2017: https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2017/11/20/european-banking-authority-to-be-relocated-to-city-country/

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

[3] Rialachán (AE) 2018/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 i dtaca leis an áit ina mbeidh suíomh an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (IO L 291, 16.11.2018, lch. 1).

[4] COM(2019) 451 final.

[5] COM(2020) 317 final.

[6] COM(2021) 771 final

[7] IO C 202, 7.6.2016, lgh. 266–272

speisialta FI (Fonctionnaire International) a fháil, lena bhfianaítear a stádas mar státseirbhísigh idirnáisiúnta sa Fhrainc (atá infheidhme freisin maidir le baill teaghlaigh). Tá ÚBE i mbun plé le hOifig Prótacail Aireacht na hEorpa agus Aireacht na nGnóthaí Eachtracha agus na hAireachta Custaim chun a áirithiú go bhfuil próiseas rianúil ann maidir le teacht na mball foirne agus a dteaghlach sa Fhrainc, soláthar na gceadanna cónaithe speisialta agus cur i bhfeidhm na bpribhléidí cánach atá ag ÚBE. Ó Aibreán 2022 ar aghaidh, fuair 223 bhall foirne agus bhall teaghlaigh ceadanna cónaithe speisialta, tá iarratas breise amháin á phróiseáil agus cuireadh ar ais 24 chead cónaithe speisialta mar gheall ar dheireadh fostaíochta.

Le hAirteagal 9 den CC, díolmhaítear ÚBE ó CBL a thabhaítear ar speansais oifigiúla i gcás inar mó méid an tsonraisc glan ó CBL ná EUR 150. Sa chleachtas, tá an CBL ar cheannacháin na Fraince agus ar cheannacháin a bhfuil feidhm ag an scéim 'Mion-ionad ilfhreastail CBL'[8] maidir leo á híoc ag ÚBE, agus éilíonn sé an CBL sin ar ais ó rialtas na Fraince. Ó Aibreán 2022 ar aghaidh, d'éiligh ÚBE ar aisíocaíocht EUR 2 522 883, agus fuarthas gach cuid de.

I gcomhréir le hAirteagal 19 den CC, d'oscail Rialtas na Fraince Scoil Eorpach Paris-La Défense in Courbevoie i mí Mheán Fómhair 2019. Soláthraíonn an scoil curaclam cuimsitheach, ó naíonra príobháideach go Baccalaureate Eorpach, do leanaí de chuid fhoireann chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh atá bunaithe i réigiún Pháras, mar aon le daltaí ag a bhfuil cúlra idirnáisiúnta. Dheonaigh Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha d'aon toil creidiúnú le haghaidh na mblianta scoile uile. Leis seo, soláthraítear rochtain ar an Baccalaureate Eorpach; tá an chéad searmanas bronnta Baccalaureate ar siúl i mí an Mheithimh 2022. Is éard atá i roinn an Bhéarla an timthriall iomlán ón naíonra go dtí an bhliain dheireanach d'oideachas meánscoile. I roinn na Fraincise, soláthraítear timthriall iomlán naíonra agus oideachais bunscoile, agus osclófar an chéad bhliain den timthriall oideachais meánscoile i mí Mheán Fómhair 2022. Le haghaidh na scoilbhliana 2021-2022, cláraíodh 25 leanbh de bhaill foirne ÚBE ag an scoil.

## 3. RIALACHAS, OIBRÍOCHTAÍ AGUS FORGHNÍOMHÚ CÚRAIMÍ ÚBE

Cúraimí agus cumhachtaí ÚBE, eagar a struchtúir rialaithe, oibriú a phríomheagraíochta, agus a phríomh-mhaoiniú, ní dhearnadh difear dóibh le hathlonnú na háite a mbeidh a shuíomh. Tá ÚBE ag feidhmiú go hiomlán ina oifigí nua i bPáras ó bhí tús mhí an Mheithimh 2019 ann.

Maidir le hathlonnú shuíomh ÚBE go Páras, ní raibh tionchar aige ar phríomh-mhaoiniú a ghníomhaíochtaí ón Aontas Eorpach agus ó na húdaráis inniúla náisiúnta. Ar leithligh ón maoiniú seo, tá rialtas na Fraince ag soláthar 8.5 milliún euro chun costais oifigí Pháras a chumhdach. Déantar an maoiniú seo a roinnt idir EUR 1.5 milliún le haghaidh costais bhunaithe, a fuarthas agus a caitheadh cheana, agus EUR 7.0 milliún le haghaidh costais léasa leanúnacha, a bheidh le fáil thar chúrsa na naoi mbliana den léas ionas go mbeifear in ann an tionchar buiséadach a dhéanamh níos réidhe. Go dtí seo, shonrasc agus fuair ÚBE EUR 5 650 000 faoin gcomhaontú seo.

[8] CBL ar sheirbhísí digiteacha/MOSS: Cé na seirbhísí a chumhdaítear?An Eoraip Agatsa (europa.eu)

**Seirbhísí tacaíochta riaracháin a roinnt le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais**

Oibríonn ÚBE i gcomhar go gníomhach le ESMA ar ábhair riaracháin, agus bíonn cruinnithe rialta ann idir aonaid riaracháin choibhéiseacha an dá ghníomhaireacht.

Shínigh ÚBE Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse le ESMA chun seirbhísí cuntasaíochta a sholáthar, agus ó bhí mí Iúil 2021 ann, tá na seirbhísí sin á soláthar ag ÚBE do ESMA. Tá Oifigeach Cuntasaíochta agus Cúntóir Cuntasaíochta ÚBE á roinnt idir an dá ghníomhaireacht, rud a fhágann gur féidir acmhainní a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla. Cheap Bord Bainistíochta ESMA Oifigeach Cuntasaíochta ÚBE mar Oifigeach Cuntasaíochta ESMA le héifeacht ón 1 Iúil 2021.

Oibríonn ÚBE go dlúth le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh atá bunaithe sa Fhrainc maidir lena nósanna imeachta soláthair, go háirithe le ESMA. Sa tábla thíos, déantar achoimre ar an ngníomhaíocht sa réimse seo.

| **Príomhghníomhaireacht** | **Gníomhaireachtaí rannpháirteacha** | **Nós imeachta** | **Stádas** |
|---|---|---|---|
| ÚBE | ESMA plus 9 ngníomhaireacht eile | Comhairleacht cosanta sonraí | Creatchonradh arna shíniú in 2021 |
| ÚBE | ESMA, EUISS[9] EUSPA[10] | Seirbhísí leighis | Creatchonradh arna shíniú in 2021 |
| ÚBE | ESMA, ÚEÁPC | Seirbhísí líonra bainistithe | Síniú beartaithe le haghaidh mhí an Mheithimh 2022 |
| ÚBE | ESMA | Comhairleacht bainistíochta saoráidí agus seirbhísí glactha | Síniú beartaithe le haghaidh 2023 |
| ÚBE | ESMA | Seirbhísí glantacháin | Síniú beartaithe le haghaidh 2023 |
| ÚBE | ESMA | Seirbhísí lónadóireachta | Síniú beartaithe le haghaidh 2023 |
| ÚBE | ESMA | Iniúchadh seachtrach ar chuntais bhliantúla | Síniú beartaithe le haghaidh mhí Mheán Fómhair 2022 |
| ESMA | ÚBE, ÚEÁPC | Forbairt, cothabháil agus tacaíocht feidhmchláir | Síniú beartaithe sa cheathrú ráithe de 2022 |
| ESMA | ÚBE, ÚEÁPC | Comhairleacht TFC | Arna shíniú i mí Aibreáin 2022 |
| ESMA | ÚBE, ÚEÁPC | Oiliúint forbartha | Síniú beartaithe sa |

[9] Institiúid an Aontais Eorpaigh um Staidéar Slándála
[10] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | scileanna gairmiúla | tríú ráithe de 2022 |

Ina theannta sin, tá ÚBE agus ESMA rannpháirteach i líonra oifigeach soláthair de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta atá bunaithe i bPáras.

**Comhar maidir le tionscadail chomhpháirteacha ÚMEnna**

Oibríonn ÚBE, ESMA agus ÚEÁPC ar thionscadal comhpháirteach (faoi stiúir ÚEÁPC), arb é is aidhm dó córas a bhunú ina ndéanfaidh údaráis inniúla faisnéis a mhalartú atá ábhartha maidir le measúnú ar oiriúnacht agus ar chuibheas sealbhóirí sealúchas incháilithe, stiúrthóirí agus sealbhóirí príomhfheidhme rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais.

**Comhordú maidir le COVID-19**

Ó bhí tús ráig na paindéime ann, choinnigh ÚBE a oibríochtaí ar bun, agus raon iomlán a gcúraimí á ndéanamh aige. Bhí ÚBE i dteagmháil rialta agus i ndlúth-theagmháil le ESMA agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta atá bunaithe sa Fhrainc (ECFE agus Interpol) chun dea-chleachtais a roinnt maidir le bearta le linn na dianghlasála agus maidir le pleananna a bhaineann le filleadh ar an oifig.

Is é ÚBE a threoraigh an tionscnamh don ranníocaíocht oifige baile dá fhoireann agus a chomhordaigh forbairt na dtreoirlínte le ÚEÁPC agus ESMA chun a oiread ailínithe is féidir a áirithiú ar fud na ÚMEnna.

Ina theannta sin, rinne ÚBE agus ESMA a gcuir chuige maidir le filleadh ar an oifig de réir a chéile a chomhordú go dlúth d’fhonn a oiread ailínithe is féidir a áirithiú.

## 4. CONCLÚIDÍ

Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, forghníomhú chúraimí agus chumhachtaí ÚBE, a struchtúir rialaithe, a phríomheagraíocht, agus maoiniú a chuid gníomhaíochtaí, ní dhearnadh difear dóibh le hathlonnú na háite a mbeidh a shuíomh ná leis na socruithe comhair riaracháin le ESMA agus ÚEÁPC a dtugtar tuairisc orthu thuas, nach bhfuil baint acu le croíghníomhaíochtaí ÚBE.